

FIONN MAC CUMHAILL AGUS RIDIRE AN GHÁIRE.

Bhí i nÉirinn annseo fadó dream daoine dtugadar na Fiannaibh Éireann ortha. Dá mbeinn-se ann an uair sin ní bheinn ann anois bheadh sgéul úr na sean sgéal ann.

Bhí fear i measc na bhFiannaibh agus bhí Fionn Mac Cumhaill mar ainm air. Ba é an Rí a bhí as a gcionn ead. Théigheadh siad amach a fiadhach chuile la trí chruice agus trí ghleannta thrí choillte agus sléibhte agus bhíodh siad sa mbaile trathnóna. An lá seo bhí Fionn tuirseach sárúighthe de bharr an lae shuidh sé síos ar thaobh crocáin ar aghaidh na gréine le n-a sgith a leigean.

Tháinig gasúirín beag agus shuidh sé síos len'ais agus dubhairt sé.

"Cuir aimsir orm-sa" le Fionn Mac Cumhaill

"Cén mhaith dhom a bheith a cur aimsir ort" arsa Fionn Mac Cumhaill, ar ndóigh níl iomchar na néan féin ionnat. Níl tú sáthach láidir nó céurd a bheadh i ndon a dheanamh dom dá gcuirfinn aimsir ort.

Nuair is mó do thrioblóid nú do buaidreadh, arsa an gasúr bainfidh mé gáire asat, agus áit ar bith a mbeidh do ghrotha ná teachtaireacht agat le deanamh gafa mé ann beo tapaidh.

Cén t-ainm a thiubhras mé ort? Arsa Fionn

Tiubhraidh tú an Grabaire Gearr Gasta orm

Thug Fionn leis abhaile é thug sé biadh dó agus chuir sé a chodladh é. Bhí fear i measc na bhFiannaibh a bhí sa teach ceadna a raibh Conán mar ainm air. Deirigh sé marsin an darna glaoth den choileach. Chuaidh sé chomh fada leis an ngasúr. Bhual sé dorna air agus dubhairt sé bí i do shuidhe tá grotha ag an máigistir díot. D'éirigh an gasúr chuir sé bos uisge ar a éadan nigh agus ghlan sé é féin agus chuaidh sé chomh fada leis an máighistir dfiafruigh sé dhe a raibh aon ghnó aige leis. Dubhairt Fionn go raibh. Caithfidh tú dul ag an Domhan Tor agus an díoga a bhfuil na seacht sort biotáiltí ann a thabhairt chugam.

Caithfidh mé mo gealltanais a coimhlíonadh arsa an gasúr. Dimtigh leis agus bhí sé a siubhal trí cruic agus thrí ghleannta go dtáinig sé chomh fada leis an bhfairge. Tharraing sé amach sgian pingne agus cipín ádmuid agus rinne sé long de. Sháith sé amach ar an bfairge í agus chuaidh sé de léim ar bord. Bhual sé buille dá sháil taobh thiar uirthi agus chuir sé naoi míle amach sa sa bhfairge í ba long maol a bhí innte gan crann ná seol agus bhí sí treabhadh na farrge glan fíordhomhain nar treabhadh ariamh ceana agus nac dtreabhfar arís go brách bhí éisg mhóra, leabháin, míolta móra, róinnte, éisg béaga na mbéil dearga a teacht ar cois agus ar bhois an mhaide ráimha ag déanamh ceoil sidhe agus seirbhíg suairc dó nó go raibh an gaineamh a bhí i níoschtar na trágha a gul ina huachtar agus an gaimeamh a bhí i nuachtar

a gul ina hiochtar go raibh na heasconnaí ag gul i bpoll asgallaí a chéile le neart crith agus faithcias níor stop sí an sior imtheacht sin nó gur sgriob sí cuan agus caladh ins an tír a raibh an coru carn ann a raibh na seacht biotailtí ann a raibh na triúr fathaigh dhá faire mar bhí Cró, Rua agus Bua.

Bhí beirt de na fathaidh amuich ag fiadhach agus an fathach mór Bua ina shuidhe i gcathaoir chois na teineadh agus é ina codladh gach aon sráin dá dtugadh sé cluiní cúig mhíle ó bhaile é. Nuair a tháinig an gasúr suas cun an doruis bhí an cailín a réidhteach agus ag scuabadh suas. Bheannuigh sé di agus bheannigh sí dhó. Dfíafuigh sé di cá raibh an díoga a raibh na seacht sórt biotailtí ann.

Shoraidh dhíot a ghasúirín granna fág an teach nó má fheiceann na fhataigh thú strócfaidh sias ó chéile thú fág an teach ar an toirt nó beidh t'anam a'm. Dionnsuigh sé féin agus an cailín a chéile. Bhain sé an ceann dhi le na claidhamh agus thug sé an díoga a raibh na seacht sort biotailtí ann leis agus rinne sé a bhealach ar aghaidh an áit ar fhága sé an long.

Ba gearr ina dhiaidh sin gur bhuail thart ceann de na fathaigh. Tháinig sé isteach go geobhfadh sé deo. Fuair sé an cailín marbh agus an díoga imtighthe dhúisigh sé an fathach níor dfíafuigh sé de ce mharbuigh an cailín nó cé thug an díoga leis. Chonnaic mé gasúirín beag a gul tart annsin ar sé agus sé mo thuairim gurb é a mharbuigh an cailín agus thug an díoga leis.

Ó arsa an fathach más é an Céadtach Mac Rí na Sola a bhí ann gabfa sé cruaidh liom a theacht suas leis. Lean sé dhó agus nuair ba hard don fhathach ba íseal don ghasúr. Nuair ba árd don ghasúr ba íseal don fathach. Bhí siad ar an sior imteacht sin nó go dtáinig an gasúr san áit ar fhága sé an long agus nuair a bhí sé a dul isteach ar bord tháinig an fathach i ngar dí agus gur dubhairt sé. A ghasúirín is fearr a chonnaic mé ariamh tabhair dhom aon deoch amhain as a díoga agus ní iarrfaidh mé aon bhraon aríst go brathach as. Is cruaidh a ghabhfas sé orm ar an gasúr ní ní ólfaidh tu aon bhraon go brathach as.

Diompugh sé an long ar aghaidh na hÉireann agus ní dhearna sé sgith ná stad gur bhuail sé talamh na hÉireann. Nuair a chuaidh an gasúr amach aiste chuir sé séideog innte agus d'ímtigh sí mar dimtheochadh slám ceo. Ní bréag a rádh nach raibh fáilte mhór ag na Fiannaibh roimhe nuair a leag sé an díoga a raibh na seacht sórt biotailtí ar bord.

Ó arsa Fionn ní bheidh tart orainn aríst go brathach. Rinne siad féasta mór don ghasúr a mhair seach noidhche agus seacht lá a raibh blas na meala ar gach aon greim agus gan greim ar bith tor. Rinneadar trí triana den oidhche trian le fiannaidheacht trian le sgealaidheachta. Nuair a déirigh siad ar maidin chor siad iad féin faoi réir. Chuadar amach a fiadhach agus chuaidh an gasúr in einfeacht leob. Biodar a siubhal croc agus gleannta fad an lae. Nuair a tháinig an trathnóna bhíodar a triall ar an mbaile.

Bhí Fionn tuirseach saruighthe. Shuidh sé síos ar crochaín i namhrac na farrge. Tháinig an gasúr agus shuidh sé síos len'ais an áit is cóir don maighistir a bheith is ann is cóir don searbhónta a bheith. Dearc siar ar an bhfarrge sin agus feach a bhfeicfeá tada ar seisean. Chím arsa Fionn mar a bheadh corrachán snámha ann idir mé féin agus bun a néir. Níl innte ach aon fhear amháin agus tá sé a tarraingt orainn go tréann.

Sin é do mámhad arsa a gasúr. Sin é an Sicín Sucamhalac agus tá an feall ann. Is mara dtugh tú aire duit féin gheobhfaidh sé an láimh in uachtar ort. Ní ann ach go raibh an focal as a bheal nuair a bhuaile an corracán talamh. Shiubhail an draoiadóir. Chuaidh sé thart timcheall ar an gcrocán. Rinne sé timcheall ar a barr agus chuaidh síos ar Finn. An n- imreá cluiche a Fhinn Mhic Cumhaill ar seisean.

Mo chradh agam arsa Fionn má bhí mé aon lá ariamh nach nimreochainn. Tharraing sé amach paca cartáí. Chuaidh siad ag imirt. Cuireadh an chéad cluiche ar Fhionn agus chuir Fionn an dara cluiche air. Tabhair do bhreith ar seisean le Fionn tabhair féin do bhreith arsa Fionn is tú a ghnóthaidh an chéad chluiche. Cuirim faoi gheasa agus faoi mór dhíomú na bliana thú gan trí oidhche a chaitheamh i naon teach ná trí bhéile ithe ar aon bhord no go go dtuga tú sgéala chugamsa cén fáth ar chaill Ridire an Gháire a shuíl a chuid fiacra agus nach ndearna sé aon gháire le seacht mbliana.

Cuirim-se thusa faoi mhór gheasa agus faoi díomada na bliana do cheann agus do chormead beatha le cailleadh agat a dul suas ar bharr an spíce an teampaill sin agus gan biadh ná deoch a bheith le faghailt agat ach léar séideans an ghaoithe as punan coirce 'steach i bpota bréan uisge nú go dtiubhfaidh. Mise sgeúl chugat cé'n fágá ar cháill Ridire an Gháire a shuíl, a fgiacra agus nach ndearna sé aon gáire le seacht mbliana."

"Ó a Fhionn Mac Cumhail" ar seisean thóig dhíom agus tóigfidh dhíot." "Ní thóigfheadh" arsa Fionn Mac Cumhail. Nuair a chuaidh Fionn Mac Cumhail abhaile bhí sé an- bhrónach. Shuidh sé síos 'sa gcathaoir agus rinne sé osna agus le méid a d'at sé dhe bhrigh an t-osna phléasg an chathaoir abhí faoi. D'éirigh an Grabaire Gearr Gasta. Rug sé ar ar chamán agus air agus ar liathróid thosuigh sé bualadh báire ar fud a tighe chomh tréann agus dá mbeadh dhá réug ina aghaidh. Rinne Fionn gáire "ó" ar seisean a ghasúir cébrí cé- ar a bhfuil brón níl faic dhe ort-sa." Ó gheall mé dhuit" arsa an gasúr "nuair is mó do bhrón go mbainfinn gáire asat."

Chuadar a chodladh. D'éirigheadar go moch lár na bháireach. Fuaireadar long faoi réir agus chuadar ar thuairisg Ridire an Ghaire Dhubh. Fuaireadar long long bhreaghlúath laidir agus thugadar aghaidh ar a bfarraige. Bhí sí ag imteacht ar nós an trítheinntí lá breagh mar bhí Fionn Mac Cumhaill ar bord bhí sé a breathnú thairis ar gach taobh agus an long ag imteacht leis an siubhal céadna. Chonaic sé caisleán breagh aoibhinn álainn nach raibh aon dath sa domhan nach raibh air agus dhá dhath as a' chionn sin.

Cen caisleán breagh aoibhinn álainn sin a fheicim? Sin é caisleán Shorcha Óg na Mionnán agus sí mo mhathair-sa í adeir an gasúr. Féadfaidh tú dul i dtír agus cuairt a thabhairt ar an gcaisleán agus ná ith agus ná ól aon bhlais dá dtabhraidh mo mháthair dhuit ach ar chonntar go leigfidh sí mise leat agus sé an t-ainm a thabhras tú orm Ceadtach Mac Rí na Sola os rud é nach maith léithe a dheanamh ach shul má fhága tú an caisleán gan biadh a chaitheamh leidfidh sí mise leat .

Nuair a chuadar chun an chaisleáin bhí fáilte mór roimh Fionn Mac Cumhail agus dubhairt leis suidhe isteach chun buird an áit a raibh togha gach bidh agus togha gach óil. In áit tarraingt isteach chun an mbord tharraing sé a chathaoir amach ón mbord agus dubhairt sé.

Ní íosfaidh mé greim ná deoch ar do bhord ná i do chaisleán ach ar conntar go leigfidh tú Mac Rí Na Sola liom.

Ligfidh mé leat é ach ar sise ach go gcaithfidh tú gealladh dhom go dtiubhraidh tú ar ais é beo nó marbh. Thug sé an gealladh sin di go dtiubhradh sé ar ais é beo nó marbh. Shuidh sé isteach agus dith sé a mhór dhóthain dhen bhiadh breagh a bhí leacht faoi ar bord. Nuair a bhí siad réidh dhfága siad slán ag Sorcha Óg Na Mionnán.

Well ar sise nuair a bhéas tú ag teacht ar ais ma bhíonn sé beo bíodh bratach geal agat ar thosach na loinge agus má bhíonn sé marbh agat bíodh bratach dubh agat ar a tosach.

Chuadar chun seoil agus thugadar aghaidh ar an tír a raibh Ridire An Gháire Dhubh ann. Anois arsa an Ceadtach le Fionn má bhím-se marbh agus an bratach dubh a bheith agat ar thosach na loinge báthfa mo mháthair tú nuair a bheas tú a' teacht thart timceall an oileáin.

Níor éirigh timpist ar bith dhóib nó gur bhuaileadar talamh i riochta Ridire an Gháire. Bhí sé amuich is nuair chonaic sé teacht iad. Cé hiad na gaisgidheacha seo agus is dana atá siad a teacht má féadaim-se marbhócaidh mé iad.

Rug sé féin agus an Céadtach ar a chéile lám iséal lámh uactair lámh uaisle na coiroideachta. Bhíodar a' coraidheacht go ndearna siad bogan den cruadan agus cruadan den bhogan gur tharraingeadar toibreacha fíor uisge trí lar na cloiche glasa. An chéad fháisg a thug an Ceadtach faoi chuir sé go básta ins an talamh é. An darna fáisge go dtí na guailí. Fód glas ort a bhitheamhnaigh ar seisean ó ghaissgidhigh is fearr a chonic mé ariamh ar an Ridire, lig as seo mé agus tiubhraidh mé rud ar bith dhuit atá tú iarraidh.

Níl mé ag iarraidh faic ar an Ceadtach ach innseacht do Fionn anseo cen fáth ar caill tú léargas do shúl, do chuid fiacla nó cén fáth nach ndearna tú aon gháire le seacht mblinua. Innseochaidh mise sin dó go Fionn mar bhí mise anseo seal do mo shaoghal ní raibh rud ar bith a teastáil uainn agus má bhí bhí sé agam. Bhí seisear mac am sa togha na ngaisgidheacha ach maidin Luain Bealtaine tháinig an girrphiadh ar an gcrocán glas sin atá ar t'ais agus dfhiafruigh sé a raibh Mac Rí ná Ridire annsin a leanfadh é dubhairt an mac is sine go raibh déirigh sé thug sé a chú le n-a chois agus a sheabhac ar a bhois agus chuaidh sé a' mareaidheacht ar each caol dubh agus ní fhaca mé ó shoin é.

Níl aon mhaidin Luain Bealtaine nár tháinig an girrphiadh a raibh fleasg óir i gcúl a chinn agus fleasg airgid i gclár a éadain agus dfiafrochadh sé an raibh Mac Rí ná Ridire annsin an raibh sé de mhisneach aige é do leamhaint. Ní raibh aon mhaidin Luain Bealtaine le sé bliana nár tháinig gur thug sé deireadh mo chlann mhac leis.

Tháinig sé an seachmadh bliain agus dfiarfruigh sé díom féin a dtiocfainn leis. Níor fhéad mé é a dhiúltú lean mé é nó go ndeacha muid isteach sa gcnocán glas. Cé dfeicfinn istigh ach an Gaisgidheach Lioth agus an Chailleach Bhéarach. Bhí an gaisgidheach lioth ina shuidhe cois na teineadh agus turc bruithte aige. Dith sé a sháith de agus níor thug sé aon greim dom sa dfhifruigh sé díom an n-imreochainn cleas.

Chuir sé an slabhra faoi n-a mhuinéal agus chaith sé an ceann eile dhe agam-sa agus dubhairt sé liom é a cur faoi mo mhuinéal agus chuireas. "Tarraing" ar seisean. "Tarraing féin" arsa mise. Tharraing sé gur chuir sé ar mhullach mo chinn ins an teine gur bhruidh sé is

gur dhóigh sé bonnaidheacha mo chos. Thuit mo chuid fiacal agus mo chuid gruaige agus agus ní dearna mé aon gháire le seacht mbliana.

Teanam uait arsa Céadtach go racamuid ar cuairt chuca. Chuadar go dtí an cnocán. Bhual Céadtach buille dá chos ar an gcnocán agus dfoscail doras ann bhí gaisgidheach Béarach agus an chailleach Bhéarach istigh. Tabhair dom arsa Céadtach an slaitín draoidheachta agus an mála an easarlaidheacht. Tá siad annsin thuas ar sa an Gaisgidheach Liath ar chúil an ghabhail eadain agus tabhair leat iad. Fáigh dhom seisear mac Ridire Gháire idir a gcuid eacradh agus confairt. Ta siad annsin arsa cailleach ina gclocha beaga agus ina gclocha móra at fus an tighe.

Bhain Céadtach an draoidheachr díob agus nuair a chonaic Ridire an Ghaire Dhubh a seisear mac roimhe amach ar a gcuid eachnaibh. Rinne sé aon gháire amháin agus chuala an Sicín Sucamhalac é a bhí thall i nÉirinn agus thuit sé anuas de bharr spéice an teampaill agus marbhuigeadh é.

Dfagadar slán ag Ridire an Gháire agus ag an seisear mac agus thugadar ar a gcúrsa go dtí an toileán a raibh Sorch aÓg na Mionnáin ina comhnuidhe air. Nuair a bhíodar a gul thar an oileán bhí an bratach bán ar thosach na loinge ag Fionn. Dfaga Fionn slán agus beannacht ag Céadtach Mac Rí na Sola agus ghlac sé buidheachas leis faoi n-a thabhairt slán trí gach gábha agus trí gach contrbairt agus rinne sé a bhealach slán go hÉirinn.

Dubhairt an Céadtach leis dá dteagadh trioblóid air aríst go bráthach fios a chuir air agus go dtiubhradh sé congnamh dó.

Sin é an deireadh sgéil Sheáin Mac Confaola Mhic Labhrais, Doire Ghimleach Iaráiste Bhaile an Dúin.